Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13857/23**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0345(COD)**

**ENV 1087**
**SAN 569**
**COMPET 956**
**CONSOM 348**
**AGRI 592**
**CODEC 1785**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13329/23 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14223/22 + ADD 1 - COM(2022) 541 final + Annexes |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (athmhúnlú)<br>- Cur chuige ginearálta<br>= Ráiteas |

**RÁITEAS ÓN EASTÓIN**

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh**

Is mór an chúis imní dúinn an cur chuige atá á mholadh in Airteagal 9 i dtaobh freagracht leathnaithe táirgeoirí (EPR) a chur i bhfeidhm maidir le táirgí cógaisíochta. Cé gur maith ann EPR mar fhoinse cistiúcháin chun na costais a bhaineann le cóireáil fuíolluisce ó mhicreathruailleáin (cóireáil cheathartha) a chumhdach, níor cheart é a bheith éigeantach do na Ballstáit ná níor cheart gurb é aon t-aon réiteach a bheadh acu é. Agus EPR á chur i bhfeidhm acu, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a gcomhthéacs náisiúnta sonrach féin a bhreithniú a mhéid a bhaineann le hindéantacht theicniúil agus inmharthanacht eacnamaíoch bunú EPR, agus impleachtaí socheacnamaíocha níos leithne a chur san mheá freisin, go háirithe infhaighteacht agus inacmhainneacht táirgí fíor-riachtanacha criticiúla.

Agus na gnéithe sin á mbreithniú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann cinneadh a dhéanamh maidir le foinsí cistiúcháin malartacha nó breise a úsáid chun na costais a bhaineann le cóireáil cheathartha a chumhdach agus i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, ba cheart go mbeidís in ann catagóirí áirithe táirgí a dhíolmhú ó EPR.

Cé gur bunchoincheap i gcosaint an chomhshaoil é an 'prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as', nílimid baileach cinnte go bhfuil sé oiriúnach don earnáil cógaisíochta ar na cúiseanna seo a leanas.

Ar an gcéad dul síos, **níor dheimhnigh an staidéar féidearthachta** (a rinneadh mar chuid de mheasúnú tionchair an Choimisiúin) **gur léir go raibh breisluach ag baint le EPR i gcás táirgí cógaisíochta**, ós rud nach mbeadh ach tionchar fíortheoranta ag EPR ar an athrú iompraíochta. Ar lámh amháin, ní móide gur spreagfadh EPR ar aon bhealadh suntasach daoine le hionadú a dhéanamh ar chomhábhair ghníomhach cógaisíochta sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, nuair a chuirtear san áireamh na timthriallta nuálaíochta sonracha atá ag na comhábhair sin. Ar an lámh eile, ní bheadh sé de rogha ag na hothair a dtomhaltas de tháirge íocshláinte, a sonraíodh dóibh ar bhonn míochaine, a laghdú ná aistriú chuig táirge eile. I ndáil leis an méid sin, **níl na gnéithe eitice á mbreithniú go leordhóthanach**, ós rud é gurb iad na hothair a chaithfeadh na costais bhreise a sheasamh, rud a chuirfeadh ualach díréireach éagórach ar ghrúpaí den daonra ar leochaileach a gcás mar gheall ar riocht a sláinte.

Ar an dara dul síos, tugaimid dár n-aire agus is cúis imní dúinn é go mbeadh sé mar thoradh ar chur chuige EPR a roghnaíodh **go mbeadh cóir neamhchomhionann á cur ar na Ballstáit**. Dá mbeadh bacainní breise ar iontráil táirgí cógaisíochta áirithe sa mhargadh agus méadú ar phraghsanna táirgí cógaisíochta áirithe, d'fhéadfadh sé gur in olcas a rachadh infhaighteacht agus rogha na cóireála a bheadh ar fáil, go háirithe i gcomhthéacs margaí beaga, ar minic tarraingt siar ar chúiseanna eacnamaíocha i gceist iontu. Ina theannta sin, i mBallstáit nach mbíonn táirgeadh cógaisíochta áitiúil suntasach ar siúl iontu, is amhlaidh a d'aistreofaí na costais ón monaróir chuig gníomhaithe iartheachtacha eile. Ní bheadh sé sin ag teacht leis an mbunaidhm a bhí ann gur ar an táirgeoir a bheadh an fhreagracht, ós rud é, sna himthosca sin, gur rídhóigh gurb amhlaidh a d'aistreofaí costais EPR chuig an mbuiséad cúraim sláinte agus go méadófaí comhíocaíochtaí na n-othar. Dá bhrí sin, dá dtabharfaí isteach EPR ar bhonn éigeantach, bheadh **impleachtaí diúltacha socheacnamaíocha i gceist agus ní hamháin sin ach chuirfí isteach freisin ar inniúlacht na mBallstát** maidir le cúram sláinte a mhaoiniú. Ina theannta sin, ba cheart an fhéidearthacht eacnamaíoch agus an t-ualach riaracháin a bhreithniú, go háirithe má tá líon na 'dtáirgeoirí' sách

beag. Sna Ballstáit atá beag, agus tomhaltas táirgí cógaisíochta níos ísle dá bhrí sin iontu, d'fhéadfadh sé go mbeadh ualach airgeadais míréasúnta ar roinnt gníomhaithe ar an margadh mar thoradh ar EPR a bheith á thabhairt isteach.

Ar an tríú dul síos, tugaimid dár n-aire nach léir sa chur chuige ginearálta **cé atá faoi réir na freagrachta leathnaithe táirgeoirí** i gcás an tslabhra soláthair cógaisíochta, slabhra ina bhfuil go leor gníomhaithe a chuireann an táirge ar fáil ar an margadh. Dá bhrí sin, mar gheall ar an trádáil chomhthreomhar, d'fhéadfadh **cánachas dúbailte** a bheith i gceist.

Ar na cúiseanna sin, níl an Eastóin in ann tacú leis an gCur Chuige Ginearálta maidir leis an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh agus tá sí ag staonadh ón vótáil.